# TOMÁS BAIRÉAD PAPERS

## GP2/161

Galway County Council Archives

A Cháirde Gaedheal: Cuireann sé aoibhneas ar mo chroidhe an oiread seo de na daoine a bhí ag obair liom ar son na Gaedhilge le fiche bliadhain, a fheiceál thart orm anseo anocht.

Tá cuimhne mhaith agam ar an am ar cuireadh Conradh na Gaedhilge ar bun, i dtosach. Ní raibh mé ann nuair sin, acht is mo bhuachaill beag san ngleann uaigneach is ar tógadh mé, acht cuimhnighim ~~...~~ go maith go dtí an lá atá indiu ann, ar an bhfreagradh chroidhe a tháinig orm le gcaint áthais agus léighthe ag cloisteáil dom an deagh-sgéal, go raibh an Craoibhín Aoibhinn, agus Eoin Mac Néill, agus uimhir bheag daoine eile san gcathair seo, Ath Cliath, ag cur fútha teanga na h-Éireann a thabhairt